Tá folúntais ag **Randox Teo** ina saotharlanna tástála ar an gClochán Liath, Co. Dhún na nGall. Is comhlacht domhanda ó thaobh diagnóisic leighis é Randox agus tá 3 phost á thairiscint acu sa gcomhlacht.

Tá **Eolaí COVID** á lorg acu. Cuirfear traenáil maidir le hAstarraingt agus PCR ar fáil mar sin níl taithí sna réimsí sin riachtanach. Deis iontach atá anseo taithí saotharlainne a fháil agus a bheith sa gcath in aghaidh COVID-19. Beidh sealobair i gceist (4 lá ag obair, 4 lá saor, 4 oíche ag obair, 4 oíche saor). Dearbhaigh ar do CV le do thoil go bhfuil tú solúbtha maidir leis an gcineál sealoibre seo.

Tá an méid seo a leanas riachtanach d'iarrthóirí:

- Céim in ábhar a bhaineann leis an Eolaíocht;
- Scileanna eagrúcháin den scoth;
- Solúbthacht maidir le sealanna oibre;
- Scileanna cumarsáide den scoth;
- Bainistíocht ama den scoth;
- Ábalta eolas a fhoghlaim agus cuimhneamh air;
- Ábalta sonraí a thuiscint agus anailís a dhéanamh orthu.

Tá Randox Teo ag lorg **Comhordaitheoir Saotharlainne** chomh maith le bheith mar chuid d'fhoireann chomhordaitheoirí. Cinntíonn na poist bhuana seo go bhfuil na saotharlanna á rith mar is cóir agus go bhfuil an stoc ceart ar fáil i gcónaí. Is ról tacaíochta atá anseo agus cuirfear traenáil iomlán ar fáil - níl cúlra san eolaíocht riachtanach.
Beidh sealobair i gceist (4 lá ag obair, 4 lá saor, 4 oíche ag obair, 4 oíche saor) sealanna 12 uair an chloig. Dearbhaigh ar do CV le do thoil go bhfuil tú in ann é seo a dhéanamh.

Beidh na tréithe seo a leanas ag na hiarrthóirí:

- Neamhspleách, ardspreagtha agus réamhghníomhach;
- Eitic oibre láidir – ábalta tosaíochtaí a láimhseáil go paiteanta;
- Oideachas chuig Leibhéal-A nó a chomhionann;
- Scileanna eagrúcháin agus cumarsáide den scoth;
- Solúbthacht maidir le sealanna oibre;
- Bainistíocht ama den scoth.

Tá **Teicneolaí** á lorg ag Randox Teo chomh maith le bheith mar chuid den fhoireann saotharlainne. Níl taithí i saotharlann roimhe seo riachtanach, cuirfear traenáil iomlán ar fáil.
Tá solúbthacht maidir le sealanna oibre i rith an lae agus i rith na hoíche i gceist leis an obair seo. Déantar an róta amach roimh ré agus beidh 4 lá saor idir na sealanna oibre oíche agus na sealanna oibre lae (d'fhéadfadh athrú a theacht air seo).
Beidh na tréithe seo a leanas ag na hiarrthóirí:

- An-chúram le sonraí;
- Neamhspleách, ardspreagtha agus réamhghníomhach;
- Eitic oibre láidir atá in ann tosaíochtaí a láimhseáil go paiteanta;
- Oideachas chuig Leibhéal-A nó a chomhionann;
- Scileanna eagrúcháin agus cumarsáide den scoth;
- Solúbthacht maidir le sealanna oibre;
- Bainistíocht ama den scoth.

Tá gach eolas maidir le na folúntais le fáil ar láithreán gréasáin Randox agus is an **24ú Eanáir 2021** an spriocdháta d'iarratais.